Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2026
(OR. en)

10085/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0390 (APP)**

COMPET 665
RECH 257
FIN 809
ENER 310

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16710/25 + ADD 1 + ADD 2 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach<br>– Glacadh |

1. An 10 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. I gcomhréir le Prótacal Uimh. 37, is clár taighde de chuid an Aontais é an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach (CTGC), a chistítear lasmuigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil le hioncam shócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC) faoi leachtú a leithdháiltear ar an gciste sin. Maoiníonn CTGC go heisiach tionscadail taighde sna hearnálacha guail agus cruach.

3. Is cuid é an Cinneadh atá beartaithe de phacáiste tograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chreat dlíthiúil CTGC chun foráil a dhéanamh maidir le cistiú taighde agus nuálaíochta chun tacú le dícharbónú, aistriú glan agus iomaíochas na n-earnálacha guail agus cruach. Is é is aidhm don togra seo na bearta is gá a bhunú chun úsáid a bhaint as na sócmhainní neamh-leithdháilte atá fágtha ag CEGC faoi leachtú, chomh maith le haon chistí neamhcheangailteacha atá fágtha ó ghlaonna roimhe seo ó Chlár Taighde CTGC.

4. Tar éis na hoibre a rinneadh ó mhí na Nollag 2025 ar aghaidh sa Mheitheal um Thaighde, ina ndearnadh roinnt leasuithe ar an togra tosaigh mar thoradh uirthi, tháinig an Chomhairle (Iomaíochas), ag an gcruinniú a bhí aici an 26-an 27 Feabhra 2026, ar chur chuige ginearálta i leith an téacs.

5. An 30 Márta 2026, d'iarr an Chomhairle toiliú Pharlaimint na hEorpa maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle, i gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais a bhaineann le Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach.

6. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú ina leith an 16 Meitheamh 2026.

7. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, mar mhír "A" i gceann de na chéad seisiúin eile a bheidh aici:

- an dréachtchinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 6884/26 é, a ghlacadh;

- a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar mhaithe le faisnéis.